
FOGHLAIM

# AN TIONSCNAMH EORPACH Ó NA SAORÁNAIGH

## Céimeanna sa phróiseas



**FOGHLAIM** – PLÉIGH – NASCADH - COMHAIRLE A LORG

# CLÁR ÁBHAIR


| | |
|---|---|
| An chéad ionstraim fhornáisiúnta den daonlathas rannphháirtíoch | 3 |
| Ullmhú agus clárú | 5 |
| Collection of statements of support | 8 |
| Tíolacadh, scrúdú agus cinneadh ón gCoimisiún | 11 |




*Ar mhaith leat reachtaíocht de chuid an Aontais Eorpaigh a mholadh i réimse ar leith?*

*An bhfuil inniúlacht ag an gCoimisiún Eorpach reachtaíocht den sórt sin a mholadh?*

*Cuir tús le do thionscnamh!*

# 1
# An chéad ionstraim fhornáisiúnta den daonlathas rannpháirtíoch

Is uirlis den daonlathas rannpháirtíoch é an Tionscnamh Eorpach ó na Saoránaigh a dhéanann nasc díreach idir saoránaigh na hEorpa agus institiúidí an Aontais Eorpaigh. Cuireann an Tionscnamh Eorpach ó na Saoránaigh ar chumas shaoránaigh an Aontais cur le clár oibre an Aontais.

Ní féidir le saoránaigh an Aontais iarraidh ar an gCoimisiún Eorpach reachtaíocht a mholadh ach sna réimsí inniúlachta atá aige, agus ar ábhair ar féidir leis an Aontas Eorpach beart a dhéanamh ina leith. Níl oibleagáid ar an gCoimisiún reachtaíocht a mholadh de thoradh ar thionscnamh a n-éiríonn leis agus féadfaidh sé cinneadh a dhéanamh bearta leantacha de chineálacha eile a dhéanamh chun cuspóirí an tionscnaimh a bhaint amach.

Anuas air sin, má éiríonn le heagraithe tionscnaimh níos mó ná 1 mhilliún síniú a bhailiú, tá an ceart acu bualadh le hionadaithe ón gCoimisiún chun an moladh atá acu a chur i láthair, agus é a mhíniú ag éisteacht phoiblí os comhair Pharlaimint na hEorpa áit a dhéanfar an tacaíocht pholaitiúil atá ann don tionscnamh a mheas.

Beag beann ar an gcinneadh a dhéanann an Coimisiún, tionscnamh a éiríonn leis, is deis a bhíonn ann i gcónaí díospóireacht a chothú agus mórghrúpaí a chur ar bun ar fud na hEorpa. Má chinneann an Coimisiún reachtaíocht a mholadh, déanfaidh Parlaimint na hEorpa agus Comhairle an Aontais Eorpaigh cinneadh ina leith le chéile (nó, i gcásanna ar leith, déanfaidh an Chomhairle cinneadh léi féin).

Tá scéimeanna den sórt sin ann i roinnt de na Ballstáit cheana féin (m.sh., san Iodáil, san Fhionlainn, sa Laitvia, sa Liotuáin, san Ostair, sa Pholainn, sa Phortaingéil, sa tSlóivéin agus sa Spáinn). Ach is scéim ar leith atá sa Tionscnamh Eorpach ó na Saoránaigh sa mhéad agus gurb é an chéad uirlis fhoirmiúil den rannpháirtíocht thrasnáisiúnta ar domhan. Agus i gcomparáid leis an leibhéal náisiúnta, tá an tairseach chun tionscnamh a thíolacadh i bhfad níos ísle – an 1 mhilliún ráiteas tacaíochta a éilítear, níl ansin ach 0.2 % de shaoránaigh uile an Aontais.

A bhuí leis an Tionscnamh Eorpach ó na Saoránaigh, tá an ceart ag saoránaigh an Aontais iarraidh ar an gCoimisiún reachtaíocht nua a mholadh, mar atá ag Parlaimint na hEorpa agus ag an gComhairle.

Tá na rialacha a bhaineann leis an Tionscnamh Eorpach ó na Saoránaigh ar fáil ar líne.

Sa nóta treorach seo tugtar léargas ar na céimeanna éagsúla de phróiseas an Tionscnaimh Eorpaigh ó na Saoránaigh, agus tugtar naisc chuig foinsí ábhartha inar féidir eolas níos mionsonraithe a fháil.




# Rialacha nua ó mhí Eanáir 2020 ar aghaidh

I mí Mheán Fómhair 2017, mhol an Coimisiún Eorpach athbhreithniú mór a dhéanamh ar an rialachán lena rialaítear an Tionscnamh Eorpach ó na Saoránaigh. Glacadh an rialachán nua maidir leis an Tionscnamh Eorpach ó na saoránaigh i mí Aibreáin 2019, agus **tháinig sé i bhfeidhm i mí Eanáir 2020**.

Is iad na hathruithe is suntasaí sna rialacha nua:

- Amlíne **athbhreithnithe** atá níos solúbtha d'eagraithe
- **Féadfaidh gach saoránach den Aontas Eorpach tacaíocht a thabhairt** beag beann ar a n-áit chónaithe
- An aois chun tacú le tionscnamh a ísliú go **16** bliana (má shocraíonn na Ballstáit amhlaidh)
- Ullmhú → **ardán comhoibríoch ar líne** agus rogha d'eagraithe **eintiteas dlíthiúil** a bhunú
- Céim chlárúcháin → próiseas dhá chéim a thabharfaidh an deis d'eagraithe athbhreithniú a dhéanamh ar a dtionscnamh más gá
- Glacadh le clárú i bpáirt agus **aistriúchán saor in aisce ar an tionscnamh** (an iarscríbhinn a ghabhann leis san áireamh) go teangacha uile an Aontais curtha ar fáil ag an gCoimisiún Eorpach
- Bailiú → **dáta tosaithe solúbtha** agus **gan ach dhá fhoirm** ann chun sínithe a bhailiú
- **Lárchóras bailithe ar líne amháin** a chuirfidh an Coimisiún ar fáil saor in aisce (agus an rogha ag eagraithe ceann dá gcuid féin a thógáil, do thionscnaimh a chláraítear **roimh dheireadh 2022 amháin**)
- **Pointí teagmhála** i ngach Ballstát chun faisnéis agus cabhair a chur ar fáil do ghrúpaí d'eagraithe, saor in aisce
- Céim scrúdaithe → **6 mhí** le gur féidir éisteacht phoiblí níos ionchuimsithí a eagrú agus le go mbeidh tuilleadh ama ag an gCoimisiún dul i gcomhairle le páirtithe leasmhara agus anailís a dhéanamh ar an tionscnamh.



# 2
# Ullmhú agus clárú

| **Ullmhú** | **Clárú** | **Bailiúchán** | **Fíorú** | **Tíolacadh** | **Scrúdú agus freagra ón gCoimisiún Eorpach** | Bearta leantacha ón gCoimisiún Eorpach (más ann dóibh) |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Gan teorainn | 2 mhí + 2 mhí chun tionscnamh a leasú agus a ath-thíolacadh lena chlárú | 12 mhí (agus an fhéidearthacht ann an dáta tosaigh a roghnú laistigh de 6 mhí tar éis an chlárúcháin) | 3 mhí ar a mhéad | 3 mhí ar a mhéad | 6 mhí | |

## Ullmhú

### Inniúlacht an Aontais Eorpaigh agus inniúlacht an Choimisiúin Eorpaigh

Más rud é go bhfuil smaoineamh ag saoránaigh den Aontas Eorpach le haghaidh reachtaíocht de chuid an Aontais, is é an chéad chéim eile ná seiceáil gur féidir leis an Aontas Eorpach gníomhú sa réimse beartais atá i gceist (talmhaíocht, oideachas, an beartas sóisialta, an comhshaol, agus mar sin de) agus go bhfuil an Coimisiún Eorpach inniúil chun tograí a dhéanamh sa réimse sin, faoin gConradh.

Chun tuilleadh eolais a fháil faoi inniúlachtaí an Aontais, féach an nóta treorach maidir le **Conas tionscnamh a dhréachtú**. Féadfaidh tú cúnamh saincheaptha a fháil sa rannóg Comhairle a lorg ar Fhóram an Tionscnaimh Eorpaigh ó na Saoránaigh le linn tréimhse ullmhúcháin tionscnaimh.

### Grúpa d'eagraithe

Ní mór grúpa d'eagraithe a bhunú chun an tionscnamh a sheoladh mar eagraí oifigiúil an tionscnaimh, agus freisin le cinntiú go bhfuil an inniúlacht ag an gCoimisiún gníomh a dhéanamh.

Ní mór seachtar saoránach den Aontas Eorpach ar a laghad atá sean go leor le vóta a chaitheamh i dtoghcháin Pharlaimint na hEorpa agus atá ina gcónaí i seacht mBallstát den Aontas Eorpach ar a laghad a bheith sa ghrúpa

## Leideanna

- Ceisteanna ginearálta faoin Aontas Eorpach? Tá freagraí ag Europe Direct.
- Pleanáil d'fheachtas go cúramach roimh réidh. Dá luaithe a thosaíonn tú ar an ullmhúchán, is é is fearr an seans go n-éireoidh leat!
- Tosaigh ag cuardach comhpháirtithe a bheidh in ann cabhrú leat do thionscnamh a sheoladh, a mhaoiniú agus a chur chun cinn. Bíonn mórghrúpaí láidre fairsinge ríthábhachtach le go mbeidh rath ar an tionscnamh. Féach na nótaí treorach maidir le **Conas comhpháirtithe a chuardach** agus **Conas cistí a thiomsú** chun tuilleadh eolais a fháil.
- Scrúdaigh na tionscnaimh Eorpacha ó na saoránaigh a bhí ann roimhe agus atá ar siúl faoi láthair sa chlár oifigiúil.
- Déan teagmháil le Feisirí i bParlaimint na hEorpa a bhfuil obair déanta acu ar na fadhbanna atá idir chamáin i do thionscnamh.
- Aimsigh 'ambasadóir' mór le rá don fheachtas.

(ní náisiúntacht na saoránach atá tábhachtach, ach a n-áit chónaithe). Déanfar teagmhálaithe – ionadaí amháin agus ionadaí malartach amháin – a ainmniú: is féidir iad a bheith i measc an ghrúpa de sheachtar comhaltaí a bhfuil cónaí orthu i seacht dtír éagsúla nó féadfaidh sé gur beirt chomhaltaí eile den ghrúpa níos leithne iad. I gcás gach tionscnaimh, foilseoidh an Coimisiún ainmneacha gach baill den ghrúpa d'eagraithe i gclár oifigiúil an Tionscnaimh Eorpaigh ó na Saoránaigh, mar aon le seoltaí ríomhphoist na dteagmhálaithe.

Is féidir eintiteas dlíthiúil a chruthú, i gcomhréir le dlí náisiúnta Ballstáit, go sonrach chun críocha tionscnamh a bhainistiú. Ní mór faisnéis maidir leis an eintiteas dlíthiúil sin a chur ar fáil agus clárú an tionscnaimh á iarraidh.

An bhfuil seirbhís níos saincheaptha uait? Tá an rannóg Comhairle a lorg ar Fhóram an Tionscnamh Eorpach ó na Saoránaigh ann le cabhrú leat.

## Clárú

### An fhoirm don chlárú a líonadh isteach

D'fhonn tionscnamh beartaithe a chlárú, ní mór d'ionadaí an ghrúpa d'eagraithe **cuntas d'eagraithe** a chur ar bun ina chláróidh sé a sheoladh ríomhphoist, agus na réimsí éigeantacha a líonadh isteach. Ní féidir níos mó ná 1,200 carachtar (gan spásanna san áireamh) a bheith i bpríomhábhar an tionscnaimh atá beartaithe. Is féidir iarscríbhinn de 5,000 carachtar (gan spásanna san áireamh) a chur leis freisin.

### Deimhniú agus foilsiú

Laistigh de **2 mhí** ón iarratas a fháil, agus i gcás ina bhfuil na coinníollacha go léir comhlíonta, glacfaidh an Coimisiún cinneadh faoi chlárú an tionscnaimh atá beartaithe. Ar an dáta sin, cuirfidh an Coimisiún an tionscnamh ar fáil go poiblí sa chlár agus seolfaidh sé deimhniú chuig na heagraithe.

Más léir go bhfuil an tionscnamh beartaithe lasmuigh de chreat chumhachtaí an Choimisiúin ach go bhfuil na coinníollacha uile eile á gcomhlíonadh, cuirfidh an Coimisiún na heagraithe ar an eolas laistigh de **mhí amháin** ón iarraidh a thíolacadh. Sa chás sin, féadfaidh na heagraithe **an tionscnamh a leasú agus a ath-thíolacadh** i gcomhréir leis na ceanglais. Féadfaidh na heagraithe an tionscnamh bunaidh a choinneáil nó é a tharraingt siar ach ní mór dóibh é sin a chur in iúl don Choimisiún laistigh de **2 mhí** tar éis measúnú an Choimisiúin a fháil. Ansin glacfaidh an Coimisiún cinneadh críochnaitheach laistigh de **mhí amháin**.

Féadfaidh an Coimisiún cinneadh a dhéanamh tionscnamh a **chlárú i bpáirt**, más rud é gur léir nach bhfuil ach cuid nó codanna den tionscnamh – príomhchuspóirí an tionscnaimh san áireamh – lasmuigh de chreat chumhachtaí an Choimisiúin togra le haghaidh gníomh dlíthiúil de chuid an Aontais a thíolacadh.

## Leideanna


- Cabhróidh an cuntas d'eagraithe leat do thionscnamh a bhainistiú. Féadfaidh tú faisnéis a fháil ansin ar na chéad chéimeanna eile, agus féadfaidh tú na tíolacthaí éagsúla a bhainistiú agus teagmháil a choinneáil leis an gCoimisiún Eorpach.

Cuirfidh an Coimisiún Eorpach na haistriúcháin ar an gcur síos 1,200 carachtar ar an tionscnamh agus an iarscríbhinn 5,000 carachtar ar fáil ansin.

Ní mór faisnéis a bhaineann le gach foinse tacaíochta agus cistithe a fhaightear i rith an fheachtais, ar fiú breis agus €500 sa bhliain in aghaidh an urra iad, a chur ar fáil go rialta le linn an phróisis.

Má dhiúltaíonn an Coimisiún an tionscnamh a chlárú, cuirfidh sé na heagraithe ar an eolas faoi na cúiseanna atá leis sin agus faoi aon réiteach a d'fhéadfadh a bheith ann.

Tá tuilleadh eolais faoin ullmhú agus clárú le fáil ar Fhóram an Tionscnamh Eorpach ó na Saoránaigh agus ar shuíomh gréasáin an Tionscnaimh Eorpaigh ó na Saoránaigh.




# 3
# Collection of statements of support

| Ullmhú | Clárú | Bailiúchán | Fíorú | Tíolacadh | Scrúdú agus freagra ón gCoimisiún Eorpach | Bearta leantacha ón gCoimisiún Eorpach (más ann dóibh) |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Gan teorainn | 2 mhí + 2 mhí chun tionscnamh a leasú agus a ath-thíolacadh lena chlárú | 12 mhí (agus an fhéidearthacht ann an dáta tosaigh a roghnú laistigh de 6 mhí tar éis an chlárúcháin) | 3 mhí ar a mhéad | 3 mhí ar a mhéad | 6 mhí | |

Beidh **12 mhí** ag na heagraithe chun 1 mhilliún ráiteas tacaíochta ar a laghad a bhailiú, agus beidh líon íosta ag teastáil i 7 mBallstát ar a laghad (féach an léarscáil thíos). Féadfaidh **na heagraithe an dáta a roghnú** óna gcuirfidh siad tús leis an mbailiúchán ráiteas (an 'tréimhse bhailiúcháin'). Ba cheart an dáta sin a bheith **laistigh de 6 mhí tar éis an tionscnamh a chlárú** agus cuirfear an rún sin in iúl don Choimisiún 10 lá ar a laghad roimh an dáta sin.

Féadfar ráitis a shíniú ar líne nó i bhfoirm páipéir. Ní mór do shínitheoirí a bheith ina **saoránaigh den Aontas Eorpach** agus **sean go leor chun vóta a chaitheamh** i dtoghcháin Pharlaimint na hEorpa (is é sin 18 mbliana d'aois cé is moite den Ostair, Málta agus an Ghréig) – seachas sna cásanna sin go bhfuil sé socraithe ag an mBallstát an aois íosta do shínitheoirí a laghdú go 16 agus go bhfuil an Coimisiún curtha ar an eolas aige dá réir sin.




Tairseach in aghaidh na tíre i gcás tionscnaimh a chláraítear ó 1 Feabhra 2020.

Tá tuilleadh eolais le fáil anseo: https://europa.eu/citizens-initiative/thresholds_ga

I gcás na foirme páipéir, ní mór sínithe a bhailiú ar fhoirmeacha sonracha atá i gcomhréir leis na samhlacha a leagtar amach in Iarscríbhinn III den Rialachán maidir leis an Tionscnamh Eorpach ó na saoránaigh, agus ní mór ábhar an tionscnaimh a bheith ag freagairt don téacs a foilsíodh sa chlár. Má tá an tionscnamh cláraithe i bpáirt, ba cheart raon feidhme an chlárúcháin, mar a thuairiscítear sa chinneadh ar chlárú ón gCoimisiún é, a bheith luaite ar na foirmeacha.

Le linn an phróisis, ní mór do na heagraithe deimhin a dhéanamh de go bhfuil an reachtaíocht cosanta sonraí á comhlíonadh acu.

## An córas bailithe ar líne

Chun críche bailiú ráiteas ar líne, cuireann an Coimisiún **lárchóras bailithe ar líne** ar fáil, saor in aisce.

Féadfaidh eagraithe a gcóras bailithe ar líne **féin** a chur le chéile a chomhlíonann na sonraíochtaí teicniúla agus ceanglais theicniúla a shonraítear i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1799 agus iarratas a dhéanamh ar a dheimhniú sa Bhallstát ina bhfuil na sonraí le stóráil. Faoi cheann míosa, fíoróidh an t-údarás inniúil go bhfuil an reachtaíocht ábhartha á comhlíonadh agus eiseoidh sé deimhniú. Ní mór d'eagraithe an deimhniú a thaispeáint ar an suíomh gréasáin atá in úsáid dá gcóras.

Tá tuilleadh eolais sa nóta treorach **Conas feachtas a ullmhú agus a reáchtáil**.

!

## Nóta tábhachtach:

Níl córais bailithe ar líne ar leithligh ar fáil ach do na tionscnaimh sin a chláraítear roimh dheireadh 2022.

Chun tuilleadh eolais a fháil faoi chéim an bhailithe, féach an nóta treorach **Conas ráitis tacaíochta a bhailiú**.

## Leideanna

- Ullmhaigh na pleananna gnímh agus na pleananna feachtais a bheidh ag teastáil ar leibhéal an Aontais, ar an leibhéal náisiúnta agus ar an leibhéal áitiúil.
- Déan cur síos soiléir ar ábhar do thionscnaimh agus léirigh an bhaint atá aige le gnáthchásanna sa saol laethúil le go mbeidh tuiscint ag na saoránaigh air.
- Déan feachtasaíocht sna teangacha náisiúnta le go mbeidh sé níos éasca ag saoránaigh a bheith rannpháirteach.
- Cruthaigh nasc láidir idir cúrsaí polaitíochta áitiúla agus náisiúnta agus do thionscnamh; bíodh do thionscnamh ag teacht leis an bplé leanúnach ar chúrsaí beartais.
- Bain úsáid as teagmhálaithe pearsanta agus líonraí do chomhpháirtithe chun an feachtas a spré amach.
- Bíonn foirne láidre áitiúla agus náisiúnta ríthábhachtach le go mbeidh rath ar an tionscnamh.
- Is iad na hoibrithe deonacha an acmhainn is tábhachtaí agus is cumhachtaí atá agat, cuir muinín iontu! Ba chóir dóibh a bheith in ann an tionscnamh a mhíniú, agus an chaoi a n-oibríonn an Tionscnamh Eorpach ó na Saoránaigh a mhíniú chomh maith. Leis an ionstraim agus an chaoi a n-oibríonn sé a mhíniú, ná bíodh aon drogall ort úsáid a bhaint as na hábhair chumarsáide a chuireann an Coimisiún Eorpach ar fáil i dteangacha uile an Aontais Eorpaigh.
- Bí i mbun cumarsáide! Ar bhonn rialta, scaip an scéal is déanaí faoin dul chun cinn ó thaobh bailiú sínithe de ar gach duine atá páirteach chun ardú meanman a thabhairt dóibh.
- Dírigh an feachtas ar na tíortha ina bhfuil cur amach mór ar an ábhar agus spéis ag daoine ann.
- Bain úsáid as na meáin shóisialta agus uirlisí cumarsáide eile chun an tionscnamh a chur chun cinn. Bain úsáid as an bpreas ar dhóigh chliste.
- Coinnigh súil ar na spriocanna don bhailiú sínithe i ngach tír.
- Tapaigh an deis chun sínithe a bhailiú ar pháipéar má bhíonn sibh ag féilte agus imeachtaí ina mbíonn grúpaí móra daoine bailithe le chéile san aon áit amháin. Is bealach maith é seo chun oibrithe deonacha nua a earcú freisin.

## Fíorú

Nuair atá deireadh leis an tréimhse bhailiúcháin (ag deireadh 12 mhí nó roimhe sin más sin a shocraíonn na heagraithe) agus má tá an líon ráitis tacaíochta is gá bailithe, beidh **3mhí** ag na heagraithe na ráitis tacaíochta a thíolacadh lena bhfíorú.

Ní mór do na heagraithe a iarraidh ar na húdaráis náisiúnta inniúla i ngach Ballstát inar bailíodh ráitis tacaíochta an líon ráiteas tacaíochta bailí a bailíodh sa tír sin a dheimhniú.

An Coimisiún a dhéanfaidh an tíolacadh i gcás na ráiteas tacaíochta a bhailítear tríd an **lárchóras bailithe ar líne**.

Cuirfidh an Coimisiún **seirbhís shlán malartaithe comhad** ar fáil chun ráitis tacaíochta a aistriú chuig na húdaráis inniúla ábhartha sna Ballstáit. Is féidir gach ráiteas tacaíochta (idir na leaganacha leictreonacha agus na leaganacha scanta de na ráitis tacaíochta ar pháipéir a bailíodh) a uaslódáil i bhfoirm chriptithe sa chóras.

Má tá eagraithe ag baint úsáide as **córas bailithe ar líne ar leithligh**, ní mór dóibh ráitis tacaíochta a bailíodh ar pháipéar a scaradh uathu sin a síníodh go leictreonach. Ní mór ráitis tacaíochta a bailíodh ar líne a thíolacadh i gcomhréir le scéimre leictreonach a chuirfidh an Coimisiún ar fáil don phobal

I gcás ina bhfuil ráitis tacaíochta bailithe ag grúpa d'eagraithe trí chóras bailithe ar líne ar leithligh, féadfaidh an grúpa iarraidh ar an gCoimisiún na ráitis tacaíochta sin a thíolacadh d'údarás inniúil an Bhallstáit atá freagrach trí úsáid a bhaint as an tseirbhís malartaithe comhad.

Is gá ráitis tacaíochta a thíolacadh do gach údarás inniúil sa Bhallstát atá freagrach trí úsáid a bhaint as an bhfoirm atá leagtha amach in Iarscríbhinn V den rialachán.

Eiseoidh na húdaráis náisiúnta inniúla deimhniú laistigh de **3 mhí**.

### Leideanna

- D'fhéadfadh sé go gcinnfidh na húdaráis náisiúnta inniúla go bhfuil roinnt de na sínithe neamhbhailí. Ar eagla na heagla, bailigh sínithe breise i ngach tír.



# 4
# Tíolacadh, scrúdú agus cinneadh ón gCoimisiún

| **Ullmhú** | **Clárú** | **Bailiúchán** | **Fíorú** | **Tíolacadh** | **Scrúdú agus freagra ón gCoimisiún Eorpach** | Bearta leantacha ón gCoimisiún Eorpach (más ann dóibh) |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Gan teorainn | 2 mhí + 2 mhí chun tionscnamh a leasú agus a ath-thíolacadh lena chlárú | 12 mhí (agus an fhéidearthacht ann an dáta tosaigh a roghnú laistigh de 6 mhí tar éis an chlárúcháin) | 3 mhí ar a mhéad | 3 mhí ar a mhéad | 6 mhí | |

## Tíolacadh

Agus an deimhniú deireanach faighte acu ó na húdaráis inniúla, beidh **3 mhí** ag na heagraithe an tionscnamh a thíolacadh don Choimisiún Eorpach. Ní mór do na heagraithe an fhoirm shonrach atá leagtha amach in Iarscríbhinn VII a thíolacadh trína gcuntas d'eagraithe mar aon leis na cóipeanna, i bhfoirm páipéir nó i bhfoirm leictreonach, de na deimhnithe a fuarthas le linn na tréimhse fíorúcháin.

## Leideanna

- Roghnaigh na daoine is eolaí don chruinniú leis an gCoimisiún agus don éisteacht i bParlaimint na hEorpa le bheith in ann labhairt le guth láidir san Eoraip.
- Déan cleachtadh roimh ré! Déan cinnte go ndéanfaidh na hionadaithe an tionscnamh a chur i láthair ar bhealach soiléir a rachaidh i gcion ar dhaoine.

## Scrúdú

### Foilsiú agus Cruinniú leis an gCoimisiún Eorpach

I gcás ina bhfaigheann an Coimisiún tionscnamh bailí, foilseoidh sé fógra á rá sin sa chlár agus déanfaidh sé an tionscnamh a sheoladh chuig na hinstitiúidí Eorpacha ábhartha agus chuig na parlaimintí náisiúnta.

Laistigh de **mhí amháin** ón tionscnamh a thíolacadh, buailfidh na heagraithe le hionadaithe ón gCoimisiún chun míniú mionsonraithe a thabhairt ar a dtionscnamh

### Éisteacht phoiblí i bParlaimint na hEorpa

Laistigh de **3 mhí** tar éis an tionscnamh a thíolacadh, tabharfar an deis don ghrúpa d'eagraithe an tionscnamh a chur i láthair ag éisteacht phoiblí a reáchtálfar i bParlaimint na hEorpa. Freastalóidh an Coimisiún Eorpach ar an

éisteacht agus ní mór do Pharlaimint na hEorpa ionadaíocht chothrom de na leasanna poiblí agus príobháideacha áirithe ábhartha a chinntiú. Ba cheart do Pharlaimint na hEorpa an tacaíocht pholaitiúil atá ann don tionscnamh a mheas. Tar éis na héisteachta poiblí, féadfaidh Parlaimint na hEorpa díospóireacht iomlánach agus rún a ghlacadh chun an tacaíocht pholaitiúil atá ann don tionscnamh a mheas.

### An cinneadh ón gCoimisiún Eorpach

Laistigh de 6 mhí tar éis an tionscnamh a fhoilsiú agus tar éis na héisteachta poiblí, fógróidh an Coimisiún Eorpach a chinneadh i bhfoirm Teachtaireachta, ina míneoidh sé na bearta a bhfuil sé i gceist aige a dhéanamh, más ann dóibh, agus na cúiseanna leis na bearta sin. Leagfaidh an Coimisiún amach freisin an amlíne atá beartaithe le haghaidh na mbeart sin.

Déanfaidh Parlaimint na hEorpa measúnú ar na bearta a ghlacfaidh an Coimisiún de bharr a Theachtaireachta.

## Bealaí eile le tionchar a imirt ar an Aontas Eorpach

Má cheapann tú, tar éis an nóta seo a léamh, nach é an Tionscnamh Eorpach ó na Saoránaigh an uirlis oiriúnach duit, féach na sásraí eile seo atá ar fáil chun go gcloisfear do ghuth ar leibhéal an Aontais Eorpaigh.

## Leideanna

- Bí foighneach! Is féidir gur próiseas fada é togra reachtach a bheith á ullmhú ag an gCoimisiún. Lean na céimeanna éagsúla (m.sh. comhairliúcháin, measúnú tionchair, srl.) agus lean ar aghaidh de bheith ag cur bhur smaointe chun cinn.
- Bí ullamh! Déanann an Coimisiún bearta leantacha ar bhonn leanúnach agus, a mhéad is féidir, coinníonn sé an nasc leis an heagraithe ar bun

---

*Is faisnéis neamhspleách an fhaisnéis a thugtar agus ní féidir a mheas gurb ionann í agus tuairim de chuid an Choimisiúin Eorpaigh nó de chuid institiúid AE nó náisiúnta ar bith eile. Ní féidir freagracht a chur ar an gCoimisiún as aon úsáid a d'fhéadfaí a bhaint as an bhfaisnéis atá ann.*